Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 30 Aibreán 2021
(OR. en)

8239/21

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0233(COD)**

**CODEC 613**
**FISC 68**
**ECOFIN 394**
**CADREFIN 210**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear clár 'Fiscalis' chun comhar a dhéanamh i réimse an chánachais **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 8 Meitheamh 2018, chuir an Coimisiún an togra[1], atá bunaithe ar Airteagal 114 agus ar Airteagal 197 CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 17 Deireadh Fómhair 2018[2].

3. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún an 17 Aibreán 2019. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[3].

[1] 9932/18 + ADD 1 go ADD 3
[2] IO C 62, 15.2.2019, lch. 118
[3] 8575/19

4. Iarrtar, dá bhrí sin, ar Choiste na mBuanionadaithe a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus an méid seo a mholadh don Chomhairle:

- an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in 6116/21 + COR 1 é (en, de, lt, lv, mt, pt) a fhormheas mar mhír ʽA' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus an Chipir ag staonadh ón vótáil;
- an ráiteas atá in Aguisín 1 a ghabhann leis an nóta seo a fhormheas le go gcuirfear i miontuairiscí an chruinnithe sin é.

5. Ag an am céanna, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a chinneadh, i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle agus i gcomhréir le hAirteagal 1 de Chinneadh (AE) 2021/454 ón gComhairle[4], go n-úsáidfidh an Chomhairle an nós imeachta i scríbhinn chun an Rialachán thuasluaite a ghlacadh, más rud é, de bharr na n-imthosca a bhaineann le COVID-19, nach mbeidh aon chruinniú ag an gComhairle roimh an 12 Bealtaine 2021.

6. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh sé sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus Uachtarán na Comhairle, foilseofar an gníomh reachtach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

[4] Cinneadh (AE) 2021/454 ón gComhairle an 12 Márta 2021, lena gcuirtear síneadh breise leis an maolú sealadach ar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle a tugadh isteach le Cinneadh (AE) 2020/430, agus arna shíneadh le Cinntí (AE) 2020/556, (AE) 2020/702, (AE) 2020/970, (AE) 2020/1253, (AE) 2020/1659 agus (AE) 2021/26, i bhfianaise na ndeacrachtaí taistil a chruthaigh COVID-19 san Aontas (IO L 89, 16.03.2021, lch. 15-16).